Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**9303/26**

**ENV 509**
**MI 478**
**AGRI 375**
**CHIMIE 56**
**DELACT 89**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Bealtaine 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 1241 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 18.5.2026 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an srian ar úsáid na substainte gníomhaí dé-ocsaíd charbóin in Iarscríbhinn I, Catagóir 6, a ghabhann leis |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 1241 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 1241 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 18.5.2026
C(2026) 1241 final

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**an 18.5.2026**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an srian ar úsáid na substainte gníomhaí dé-ocsaíd charbóin in Iarscríbhinn I, Catagóir 6, a ghabhann leis**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tugtar de chumhacht don Choimisiún le hAirteagal 28(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ('Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha') i gcomhpháirt le hAirteagal 1(b) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh 88/2014 gníomhartha tarmligthe a ghlacadh d'fhonn substaintí gníomhacha a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha tar éis tuairim a fháil ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA). Cuirtear nós imeachta simplithe um údarú ar fáil i gCaibidil V de Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha do tháirgí bithicídeacha ina bhfuil substaintí gníomhacha atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha, substaintí a chomhlíonann coinníollacha eile a leagtar amach in Airteagal 25 den Rialachán sin.

Faoi láthair, liostaítear dé-ocsaíd charbóin in Iarscríbhinn I, Catagóir 6 den BPR leis an srian seo: *'Le húsáid i gceanastair gáis atá réidh lena n-úsáid, agus iontu sin amháin, ar ceanastair iad atá ag feidhmiú in éineacht le feiste gaisteoireachta'.* An 27 Samhain 2023, fuair ECHA iarratas chun an srian a leasú i gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Rialachán (AE) Uimh. 88/2014. Is é údarás inniúil na hÍsiltíre a rinne meastóireacht ar an iarratas sin. Chuir údarás inniúil meastóireachta na hÍsiltíre an tuarascáil mheasúnachta, mar aon lena chonclúidí, faoi bhráid ECHA an 23 Nollaig 2024.

Sa tuairim ó ECHA an 10 Meán Fómhair 2025, a measadh mar thuairim na Gníomhaireachta de bhun Airteagal 75(1), an dara fomhír, pointe (c) de Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha, thángthas ar an gconclúid gur cheart an teorannú ábhartha a bhaineann le húsáid na dé-ocsaíde carbóin a leasú agus srian nua a chur ina ionad.

Dá bhrí sin, leasaítear leis an Rialachán Tarmligthe seo an srian ábhartha maidir le húsáid na substainte gníomhaí, dé-ocsaíd charbóin, a liostaítear in Iarscríbhinn I, Catagóir 6.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le grúpa saineolaithe ('cruinniú na n-údarás inniúil maidir le táirgí bithicídeacha') ina bhfuil ionadaithe ó údaráis inniúla na mBallstát le haghaidh táirgí bithicídeacha, ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, ón tionscal bithicídí agus ón tsochaí shibhialta le linn an 110$^{ú}$ cruinniú CA i mí na Nollag 2025.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 leis an Rialachán tarmligthe. Is é Airteagal 28(1) den Rialachán, i gcomhar le hAirteagal 1(b) i Rialachán Cur Chun Feidhme(AE) Uimh. 88/2014 an bunús dlí leis seo.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 18.5.2026**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an srian ar úsáid na substainte gníomhaí dé-ocsaíd charbóin in Iarscríbhinn I, Catagóir 6, a ghabhann leis**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a úsáid agus a chur ar fáil ar an margadh[1], agus go háirithe Airteagal 28(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 27 Samhain 2023, fuair an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (‘an Ghníomhaireacht’) iarratas ar leasú a dhéanamh ar an srian a bhaineann le húsáid na substainte gníomhaí dé-ocsaíd charbóin, a liostaítear in Iarscríbhinn I, Catagóir 6, i Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, iarratas a cuireadh faoina bráid i gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 88/2014 ón gCoimisiún.[2] Is é údarás inniúil na hÍsiltíre (‘an t-údarás inniúil meastóireachta’) a rinne meastóireacht ar an iarratas.

(2) Chuir an t-údarás inniúil meastóireachta uaidh an tuarascáil mheasúnachta, mar aon lena chonclúidí, faoi bhráid na Gníomhaireachta an 23 Nollaig 2024.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 75(1), an dara fomhír, pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, ullmhaíonn an Coiste um Tháirgí Bithicídeacha an tuairim ón nGníomhaireacht a mhéid a bhaineann leis na hiarratais ar shubstaintí gníomhacha a liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán sin. I gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Rialachán (AE) Uimh. 88/2014 arna léamh i gcomhar le hAirteagal 75(1) agus (4) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, ghlac an Coiste um Tháirgí Bithicídeacha an tuairim ón nGníomhaireacht an 10 Meán Fómhair 2025[3], ag féachaint do chonclúidí an údaráis inniúil mheastóireachta.

---

1 IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.

2 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 88/2014 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2014 lena sonraítear nós imeachta maidir le leasú Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bhaineann le táirgí bithicídeacha a chur ar an margadh agus a úsáid (IO L 32, 1.2.2014, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2014/88/oj).

3 Tuairim ón gCoiste um Tháirgí Bithicídeacha ar an leasú go gcuirfear Catagóir 6 den tsubstaint ghníomhach san áireamh in Iarscríbhinn I: Dé-ocsaíd-charbóin; ECHA/BPC/491/2025; arna ghlacadh an 10 Meán Fómhair 2025; https://echa.europa.eu/documents/10162/deabf578-ae70-5a57-6f78-9cbd9310a2a3

(4) Sa tuairim ón nGníomhaireacht, mheas sí go gcinnteofaí leis an srian nua a moladh go gcuirfear na teorainnluachanna maidir lena n-úsáid shábháilte san áireamh ag céim údaraithe na dtáirgí bithicídeacha de gach cineál ina bhfuil dé-ocsaíd charbóin. Tháinig an Ghníomhaireacht ar an gconclúid gur cheart an srian reatha maidir le húsáid na dé-ocsaíde carbóin, a liostaítear in Iarscríbhinn I, Catagóir 6 de Rialachán (AE) Uimh 528/2012 ['Le húsáid i gceanastair gáis atá réidh lena n-úsáid, agus iontu sin amháin, ar ceanastair iad atá ag feidhmiú in éineacht le feiste gaisteoireachta'] a bhaint agus an srian a chur ina ionad, go bhfanfaidh nochtadh na n-úsáideoirí gairmiúla don dé-ocsaíd charbóin faoi bhun an chomhchruinnithe inghlactha ábhartha, agus go bhfanfaidh nochtadh na n-úsáideoirí ginearálta nó daoine ar an láthair don dé-ocsaíd charbóin faoin toirt 0,1 %/toirt na dé-ocsaíde carbóin agus go gcuirfear i bhfeidhm bearta cosantacha riachtanacha nuair is iomchuí sin.

(5) Agus an tuairim ón nGníomhaireacht curtha san áireamh, measann an Coimisiún go bhfuil sé iomchuí an srian ábhartha a leasú a mhéid a bhaineann le húsáid na substainte gníomhaí dé-ocsaíd charbóin, a liostaítear in Iarscríbhinn I, Catagóir 6 de Rialachán (AE) Uimh 528/2012. Leis an srian nuafhoirmlithe, cheadófaí údarú níos leithne do tháirgí bithicídeacha ina bhfuil dé-ocsaíd charbóin agus chinnteofaí go gcuirfí teorainnluachanna maidir lena n-úsáid shábháilte san áireamh ag céim údaraithe na dtáirgí agus go gcinnteofaí a n-úsáid shábháilte sa chaoi sin.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18.5.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*